



Ciste um Ghníomhaí Cruthaitheach ar son na hAeráide III (2026-2029)

Ábhair

Cruthaíocht i ngníomhú ar son na Haeráide	2
Cuspóirí an Chiste	6
Ceanglais Airgeadais agus Buiséid	13
Critéir Roghnúcháin	15
Iarrthóirí Incháilithe.....	17
Iarratais Neamh-Cháilithe	18
Conas Iarratas a Dhéanamh ar Líne.....	19
Dátaí Tábhachtacha	21
Faoi na Maoinitheoirí	24
Faoi Chistí um Ghníomhú ar son na Haeráide Roimhe Seo	26

*Shifting Tides by The Wheel,
Carlingford Lough
Photo: Suzie Cahn*



Cruthaíocht i Ngníomhú ar son na Haeráide

**Spriocdháta le Haghaidh Iarratais:
Dé Céadaoin, 15 Aibreán 2026**

Tá áthas ar An gClár Éire Ildánach, tríd an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt (RCCS) i gcomhar leis an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (RAFC) agus Roinn an Taoisigh, iarratais a lorg chuig Ciste um Ghníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide III, ciste iomaíoch €6.5 milliún do thionscadail chruthaitheacha ar féidir leo daoine a nascadh leis na hathruithe móra atá ag tarlú inár dtimpeallacht, inár sochaí agus inár ngeilleagar a eascraíonn as an athrú aeráide, agus ar féidir leo an nasc sin a aistriú ina thuiscint agus ina ghníomh.

Léirigh taighde ón GCC go bhfuil imní ar fhorhóir mór mhuintir na hÉireann faoin athrú aeráide agus go gceideann siad go ndéanfaidh athruithe, cosúil le drochaimsir, dochar dá bpobal. Táimid ag fulaingt cheana féin ó thorthaí an athraithe aeráide trí thuilte, níos mó drochaimsire, agus leibhéil na farraige ag ardú, agus mar thír nilimid ar an mbóthar ceart chun ár spriocanna aeráide a bhaint amach.¹

Is é maolú an athraithe aeráide agus oiriúnú dó dúshlán mór ár linne; tá gá méadaitheach ann tacú le haistriú cóir agus pobail a chumasú chun freagairt do bheartais maidir le conas is féidir linn éifeachtaí aeráide atá ag athrú agus cailliúint bithéagsúlachta a bhainistiú agus eolas a thabhairt dóibh maidir leo.

Tá a fhios againn gur gá dúinn teacht le chéile ar an leibhéal náisiúnta agus áitiúil chun dul i ngleic leis an dúshlán seo agus chun aistriú cultúrtha ar scála iomlán i dtreo sochaí dhícharbónaithe a chumasú.

Tá sé mar aidhm ag an gCiste um Ghníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide nua seo cur le hobair fhor-rochtana agus feasachta atá ann cheana féin ar fud an Rialtais i ndáil le gníomhú ar son na haeráide. Is é an tldirphlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide (faoi stiúir an RAFC) an tionscnamh lárnach, ag feidhmiú mar fhóram comhoibrithe idir saoránaigh, pobail, páirtithe leasmhara, an Rialtas agus gníomhaireachtaí ábhartha a chlúdaíonn réimse saincheisteanna a bhaineann leis an aeráid. Táimid ag lorg tionscadal a bhaineann feidhm as ealaín agus cleachtais chruthaitheacha chun smaointeoireacht a athrú, agus athruithe iompraíochta nó cultúrtha a thabhairt chun cinn.

Is é an sprioc ná rannpháirtíocht an phobail agus litearthacht aeráide a mhéadú agus daoine aonair a chumhachtú ag an am céanna ar an leibhéal náisiúnta agus áitiúil, chomh maith le clár cuimsitheach rannpháirtíochta a sholáthar chun eolas a chur ar fáil ar bheartas aeráide. Mar an gcéanna, tá béim curtha ag an gClár Rialtais ar a thiomantas chun gníomhartha a chur i gcrích a bhainfidh spriocanna laghdú astaíochtaí amach. Chomh maith leis seo, tá sé mar aidhm aige *“Tacú le hobair an Choimisiúin um Aistriú Cóir chun éisteacht le pobail, aghaidh a thabhairt ar a gcuid imní, agus a chinntiú go mbainfidh siad leas as an aistriú glas.”*

¹ <https://www.epa.ie/news-releases/news-releases-2025/epa-projections-show-ireland-off-track-for-2030-climate-targets.php>

Tá gníomhaíocht aeráide pobail, arna cothú ag tionscnaimh Rialtais cosúil leis an gCiste um Ghníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide agus Obair um Ghníomhaíochtaí ar son na hAeráide (RAFO), riachtanach chun an aistriú i gcultúr agus athrú iompraíochta a thiomáint, agus chun an bhearna idir feachtas agus gníomhaíocht a dhúnadh. Is dúshlán eaconamaíoch agus sóisialta an aistriú sochaíoch seo chomh maith le dúshlán eolaíoch.

Is féidir leis an earnáil na n-ealaíon, cultúir agus cruthaitheachta ról lárnach a imirt chun tacú leis an dúshlán sóisialta agus cultúrtha seo. Is féidir le cur chuige agus scileanna na n-earnálacha seo cabhrú le heolaíocht aeráide a dhéanamh inrochtana do chách agus gníomhú ar son na haeráide a dhéanamh níos bríomhaire. Is féidir le rannpháirtíocht chruthaitheach agus chultúrtha daoine a chumhachtú chun tionchair aeráide amach anseo a shamhlú, gníomhartha praiticiúla a thuiscint agus a dhéanamh, agus mothú práinne agus féidearthachta a chothú mar phobal ag an am céanna.

I measc samplaí de thionscadail roimhe seo tá tionscnaimh bhithéagsúlachta i dteannta ealaíontóirí i bPáirceanna Náisiúnta, tionscadail phobail turasóireachta inbhuanaithe i bportaigh lár na tíre agus clár athléimneachta cósta cruthaitheach ar chósta thiar na hÉireann.

Léirigh na tionscadail seo dúinn gur meicníocht chumhachtach iad cleachtais chruthaitheacha cosúil le healaín amhairc, damhsa, dearadh, ailtireacht, ceol agus greann trína bhféadfar athrú iompraíochta a bhaint amach. Cuireann lionsa na cruthaitheachta cur chuige níos dearfaí agus níos dóchasaí ar fáil i leith rannpháirtíochta le pobail agus i dtreo ár bhfís chomhroinnte maidir le todhchaí níos fearr.

Tá taighde ar bun ag COC MaREI² chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht Chiste um Ghníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide II. Fuair siad amach gur féidir le hidirghabhálacha cruthaitheacha a bheith ina gcatalaigh chumhachtacha maidir le gníomhú ar son na haeráide. Trí nascadh le rannpháirtithe ar leibhéal mothúcháinach domhain, chuir na tionscadail fráma inspioráideach uathúil ar fáil a spreag daoine chun gníomhartha inbhuanaithe breise a ghlacadh agus a shaothrú.

Go dtí seo, tá acmhainneacht láidir léirithe ag na Cistí um Ghníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide chun aistriú cothrom agus cóir chuig todhchaí inbhuanaithe a chinntiú, agus gach saoránach á chur san áireamh, lena n-áirítear iad siúd ó phobail imeallaithe nó faoi mhíbhuntáiste agus daoine faoi mhíchumas intleachtúil. Tá eolas faoi thionscadail roimhe seo a fuair tacaíocht faoin goiste ar fáil [anseo](#).

² https://www.creativeireland.gov.ie/app/uploads/2025/05/Creative-Climate-Change-II-Report-Year-One_Final-for-web-1.pdf



Cuspóirí an Chiste

Is é €6.5 milliún an maoiniú iomlán atá ar fáil faoi Chiste um Ghníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide III agus tá maoiniú idir €400,000 agus €750,000 ar fáil in aghaidh an tionscadail thar thréimhse trí bliana. Is méadú ar an mbuiséad agus ar fhad an tionscadail é seo i gcomparáid le cistí roimhe seo.

Táimid ag lorg tionscadal nuálacha uailmhianacha agus ar scála mór a bhfuil cur chuige láidir ealaíonta, cultúrtha nó cruthaitheach ag gabháil leo chun gníomhú ar son na haeráide a chumasú i bpobal áite nó cleachtais. I gcoirílár an chiste seo tá fócas ar thuiscint a aistriú i ngníomhartha sonracha agus follasacha maidir leis an aeráid.

Tá €1 milliún den chiste iomlán €6.5 milliún mar chuid den tionscnamh Oileán Comhroinnte. Bronnfar maoiniú ar thart ar dhá thionscadal faoin leithdháileadh Oileán Comhroinnte. Cuirimid fáilte roimh iarratais ó fhoirne tionscadail in Éirinn a oibríonn i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí pobail, cultúrtha agus cruthaitheacha áitiúla nó náisiúnta i gcomhar le comhpháirtithe Thuaidh-Theas nó le comhpháirtithe Thuaidh-Theas agus Thoir-Thiar (Éire-An Bhreatain).

Ní mór don phríomhiarratasóir a bheith lonnaithe in Éirinn. Féadfaidh comhpháirtithe Thoir-Thiar (i.e. Sasana, Albain agus an Bhreatain Bheag) a bheith san áireamh sna tionscadail Oileán Comhroinnte ach ní mór comhpháirtí amháin ar a laghad ó Thuaisceart Éireann a bheith san áireamh iontu. Má thagann tionscadail faoin ngné Oileán Comhroinnte den chiste, ba cheart don iarratas a léiriú go gcomhroinnfear an maoiniú go cothrom le comhpháirtithe a bhfuil gníomhaíocht bhríoch acu le comhpháirtithe Thuaidh-Theas agus, más infheidhme, Thoir-Thiar (Éire-An Bhreatain).

Éilíonn aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide aistriú sóisialta agus cultúrtha. Is é ár gcultúr a mhúnláíonn an chaoi a n-idirghníomhaímid lenár dtimpeallacht – trí ár nósanna tomhaltais, ár smaointe faoin dúlra, a gcuireann muid luach ortha mar rud bríoch, agus a mheasaimid atá indéanta agus dodhéanta.

Sin é an fáth gur mhaith linn tionscadail a fheiceáil a bhfuil rannpháirtíocht an phobail i gcoirílár na tionscadal. D'fhéadfadh sé seo an pobal a gcoitinne, grúpa daoine atá ina gcónaí san áit gheografach nó sa chomhthéacs céanna (e.g. uirbeach nó tuaithe), pobal cleachtais, grúpa/eagraíocht a bhfuil leas nó riachtanas comhroinnte acu nó a bhfuil tréith ar leith i bpáirt acu, líonra daoine etc. a áireamh.

*Bog Bothy by Irish Architecture
Foundation, Offaly
Photo: Ste Murray*

Cuirtear fáilte roimh fhreagraí ar léiriú cruthaitheach nó léirmhíthe (traidisiúnta nó comhaimseartha) ó ar fud na n-earnálacha na n-ealaíon, cultúrtha agus cruthaitheacha, lena n-áirítear:

- **Na hEalaíona:** Ag baint úsáide as an sainmhíniú ar ealaíona faoin Acht Ealaíon (2003), áirítear leis seo ailtireacht, sorcas, damhsa (gach seánra), scannáin, litríocht, ceol (gach seánra), ceoldráma, ealaíona sráide agus radharcanna, amharclannaíocht agus na taibhealaíona, ealaíona traidisiúnta, ealaíona ildisciplíneacha, ealaíona rannpháirteacha, ealaíona na Gaeilge, na healaíona amhairc agus ealaín dhigiteach.
- **Cultúr:** Áirítear leis na Forais Chultúrtha Náisiúnta, féilte, eagraíochtaí oidhreacht cultúrtha, leabharlanna, ionaid chultúrtha, agus músaeim.
- **Tionscail Chruthaitheacha:** Áirítear ar aicmiú an Aontais Eorpaigh (AE) ar na tionscail chruthaitheacha fógraíocht, dearadh (lena n-áirítear dearadh grafach, dearadh seirbhísi agus dearadh rannpháirteach), beochan agus cluichí, RB/RF, an earnáil closamhairc, foilsitheoireacht agus preas, ceol, faisean, greann.
- D'fhéadfadh réimse disciplíní/foirmeacha ealaíne cruthaitheacha éagsúla a bheith i gceist le do thionscadal le linn shaolré an tionscadail.

Ní mór do thionscadail a léiriú gur féidir leo na nithe seo a leanas a thabhairt chun críche

- 1 **Athruithe coincheapúla:** Athrú i measc na ndaoine atá bainteach leis an gcaoi a bhfeiceann siad nó a dtéann siad i ngleic le fadhb an athruithe aeráide
- 2 **Athruithe iompraíochta nó cultúrtha:** Glacann na daoine aonair nó na heagraíochtaí atá páirteach sa tionscadal le hiompraíochtaí nuat
- 3 **Athrú Eagraíochtúil:** Tugann daoine nó eagraíochtaí beartais nó cleachtais nua nó difriúla isteach mar thoradh ar an tionscadal
- 4 **Nascacht bhuan:** Cruthaíonn an tionscadal athruithe inbhuanaithe agus tugann sé deis do rannpháirtithe/líonraí leanúint ar aghaidh ag obair le chéile tar éis shaolré an tionscadail

*Neart na Machairí
by Dingle Hub, Kerry
Photo: Domnick Walsh*





Bean Festival by
Brilliant Ballybunion, Kerry
Photo: Rena Blake

Ceangal le Beartas Aeráide

Cuirimid fáilte roimh réimse leathan smaointe agus tograí sa ghlaao seo, agus rannpháirtíocht chruthaitheach phobail agus gníomhú ar son na haeráide i gcoirlár na dtionscadail. Molaimid do gach iarratasóir a bheith cróga agus rioscaí a ghlacadh le do chuid smaointe tionscadail agus le do chomhoibrithe tionscadail. Mar sin féin, aithnímid go bhfuil sé tábhachtach smaointe a nascadh ar ais le beartais aeráide agus

le réimsí ina goreidimid gur féidir an tionchar is mó a bhaint amach tríd an gCiste um Ghníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide. Mar thionscnamh uile-Rialtais, tá an Ciste um Ghníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide treoraithe ag tosaíochtaí atá leagtha amach i [bPlean Gníomhaíochta Aeráide 2025](#) an RAFC., an tIdirphlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide agus an Coimisiún um Aistriú Cóir:

I measc na nithe seo, tá:

- **Oiriúnú don Aeráid:** athrú i gcórais nádúrtha nó daonna mar fhreagairt ar thionchair na hathraithe aeráide. Déanann na hathruithe seo dochar measartha nó baineann siad leas as deiseanna tairbhiúla agus is féidir leo a bheith mar fhreagairt ar thionchair fíor nó thionchair a bhfuiltear ag súil leis.
- **Maolú Aeráide:** déanann sé cur síos ar ghníomh chun an dóchúlacht go dtarlódh eachtra a laghdú nó an tionchar a laghdú má tharlaíonn sé. D'fhéadfadh sé seo a bheith san áireamh laghdú a dhéanamh ar chúiseanna na hathraithe aeráide (e.g., astaíochtaí gás ceaptha teasa) chomh maith le rioscaí amach anseo a bhaineann leis an athrú aeráide a laghdú.
- **Fuinneamh In-athnuaite/Úsáid Fuinnimh:** Cruthaíonn forbairt agus leathnú bonneagair fuinnimh in-athnuaite poist i réimsí éagsúla, lena n-áirítear innealtóireacht, tógáil, cothabháil agus taighde. Meallann sé infheistíocht freisin, spreagann sé geilleagair áitiúla, agus spreagann sé nuálaíocht i dteicneolaíochtaí glana.
- **Iompar Inbhuanaithe:** Ceanglaíonn ár líonraí iompair muid le gníomhaíochtaí cosúil le fostaíocht, caitheamh aimsire, miondíol agus oideachas. Ní hamháin go bhfuil córas iompair inbhuanaithe, inrochtana agus éifeachtúil tábhachtach don fholláine ach tá feidhm lárnach aige i dtrádáil agus sa gheilleagar freisin.
- **Aistriú Cóir agus Cuimsitheacht:** Is éard atá i gceist le haistriú cóir ná a chinntiú nach bhfágтар aon duine chúl ar an turas i dtreo neodrachta aeráide.
- I mbeartas, tugann muid aghaidh air ó dearcadh oibríochtúil agus na coinníollacha a theastaíonn chun a chinntiú go bhforbraítear beartas agus aistriú cóir san áireamh. Áirítear leis seo cinntí atá bunaithe ar fhianaise, scileanna agus cumasóirí a mheastar a ligfidh do dhaoine leas a bhaint as athruithe, comhroinnt costais agus cothromas a mheastar sa phróiseas, agus idirphlé sóisialta leis na cohóirt is mó a mbíonn tionchar orthu.
- **Talmhaíocht agus Úsáid Talún:** An chaoi a n-úsáideann daoine talamh agus áirítear leis sin gníomhaíochtaí cosúil le húsáid chónaithe, talmhaíocht, foraoiseacht tráchtála agus úsáidí bonneagair cosúil le hiompar nó fónais.
- **Bithéagsúlacht/Athchóiriú an Dúlra:** Cleachtas athnuachana agus athchóirithe ar éiceachórais agus gnáthóga atá díghrádaithe, damáistithe nó scoriosta. Cabhraíonn gnáthóga athchóirithe le daonraí speiceas fiáin atá ag dul i laghad faoi láthair cosúil le héin, beacha, féileacáin, speicis uisceacha agus ainmhithe eile a mhéadú.
- **Geilleagar Ciorclach:** Áit a ndéantar acmhainní a athúsáid nó a athchórsáil a oiread agus is féidir, agus a laghdáitear giniúint dramhaíola, lena n-áirítear dramhaíl bia. Is rogha eile ar an ngeilleagar 'tóg-déan-dramhaíl' atá ann inniu ná an geilleagar ciorclach ina mbaintear méideanna móra acmhainní nádúrtha chun rudaí a chruthú nach n-úsáidfí ach uair amháin sula gcaitear amach iad.

Eilimintí Éigeantacha an iarratais agus na foirne tionscadail:

— **Measúnú ar thionchar:** Ní mór meastóir neamhspleách a bheith san áireamh ar an bhfoireann agus ní mór cur chuige maidir le meastóireacht agus tomhas torthaí a áireamh san iarratas. Is féidir meastóireachtaí roimhe seo agus na tuarascálacha tionscadail ar fad ó chiste I agus II a fháil [anseo](#).

— **Struchtúr Foirne:** Ní mór don fhoireann tionscadail a bheith comhdhéanta den saineolas seo a leanas:

- Ealaíontóir(i), cleachtóir(i) cruthaitheach nó eagraíocht chultúrtha/chruthaitheach
- Saineolaí aeráide (e.g. eolaí comhshaoil, éiceolaí, nóaineolaí bithéagsúlachta)
- Bainisteoir tionscadail
- Riarthóir
- Cuntasóir (nó seirbhísi)
- Meastóir Neamhspleách
- Saineolas cumarsáide agus rannpháirtíochta poiblí
- (Ceadáítear níos mó ná ealaíontóir/eagraíocht chruthaitheach/saineolaí aeráide amháin)

Faisnéis Riachtanach d'Fhaighteoirí Rathúla:

- Is tríd an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt a riartar An Clár Éire Ildánach.
- Ní mór do riarachán an deontais cloí le Ciorclán 13/2014 - Bainistíocht agus Cuntasacht Deontas ó Chistí an Státchiste. Ba chóir do dheontaithe an ciorclán seo a léamh agus eolas a chur air sula dtosaíonn siad.
- Íoctar gach deontas ar bhonn caiteachais dearbhaithe. Ciallaíonn sé seo go n-aisghabhtar méideanna deontais go siarghabhálach chomh luath agus a thabhaítear agus a íoctar astu. Ní mór cruthúnas ar gach idirbheart a bheith ann i bhfoirm admhála agus an íocaíocht a mheaitseáil le hidirbheart ar ráiteas bainc nó ar chóras bainistíochta airgeadais.
- Má éiríonn leat maoiniú ón Rialtas Láir a fháil, beidh ort Comhaontú Leibhéal Seirbhíse (CLS) a shíniú. Beidh sampla de seo ar fáil ar [submit.com](#). Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil roinnt ceanglas Rialachais agus tuairiscithe mar chuid den chiste seo le linn a ré. Beidh ort a chinntiú go bhfuil an cumas ag do fhoireann tionscadail é seo a bhainistiú.

Ina theannta sin, tá sé mar aidhm ag An gClár Éire Ildánach a bheith ina mhaoinitheoir gníomhach. Beidh ár leibhéal rannpháirtíochta le deontaithe mar seo a leanas:

- Freastal an deontóra ar imeachtaí tógála acmhainne agus oiliúna arna soláthar ag Éire Ildánach.
- Teagmháil rialta ag Éire Ildánach lenár ndeontóirí agus freagairt d'iarratais ar nuashonruithe buiséid, ábhair chumarsáide agus caidreamh poiblí agus sonraí imeachtaí de réir mar a thagann siad chun cinn.
- Cuairteanna ar láithreáin agus/nó freastal ar imeachtaí tionscadail. Is cuid riachtanach é seo de thuiscint Éire Ildánach ar chomhthéacs agus ar dhul chun cinn do thionscadail.
- Éascú a dhéanamh ar thaighde nó ar mheasúnú do thionscadail ag An Clár Éire Ildánach má mheasaimid gur gá taighde neamhspleách a dhéanamh, lasmuigh de do mheastóir féin.



*Divergently Together by DCU
Photo: Sheila Marie Rooney*

Ceanglais Airgeadais agus Buiséid

Féadfaidh an buiséad uasta in aghaidh an tionscadail a bheith idir €450,000 agus €750,000. Is féidir an caiteachas seo a scaipeadh de réir mar is cuí leat ar fud 2026 – 2029, ach ní mór an caiteachas in aghaidh na bliana a chomhaontú nuair a shínítear an comhaontú deontais.

Táthar ag súil le réamhaisnéis/caiteachas airgeadais indéanta agus réalaíoch ó gach tionscadal, agus úsáid chuí an mhaoinithe phoiblí á cur san áireamh. Agus do bhuiséad á chruthú agat, déan cinnte go mbeidh táillí aonair agus buiséid tionscadail pléite agaibh mar fhoireann. Táimid ag súil go gcomhaontóidh gach ball de do Fhoireann Tionscadail do bhuiséad sula síneofar an conradh le hÉire Ildánach.

*Room with a View by
Cracking Light Productions, Clare
Photo: Cracking Light Productions*



Molaimid duit machnamh a dhéanamh ar:

- **Bainistíocht Tionscadail:** Ba chóir go ghlúódódh an táille seo am na foirne riaracháin (mar shampla chun bainistíocht tionscadail agus/nó riarachán airgeadais a chlúdadh), chomh maith le haon ranníocaíocht i leith forchoistais nó costais réasúnacha eile a theastaíonn chun páirt a ghlacadh.
- **Meastóireacht:** Ba chóir an táille seo a áireamh chun costas duine/cuideachta neamhspleách a fhostú chun tionchar do thionscadail/thorthaí an tionscadail a mheas.
- **Luach Saothair:** Táimid ag lorg buiséad trédhearcach agus iomaíoch a thugann luach saothair cuí do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí as a gcuid ama. Ba chóir go mbeadh táillí d'ealaíontóirí i gcomhréir le treoirlinnte aitheanta tionscail ([féach ar eolas ón gComhairle Ealaíon maidir le luach saothair agus conarthaí ealaíontóirí](#))
- **Taisteal agus Cothú:** Buiséadú cuí do fhoirne agus do rannpháirtithe chun taisteal agus freastal ar imeachtaí, lena n-áirítear fanacht thar oíche. Tuigimid go mbeidh costais bhreise i gceist do fhoirne tionscadail agus do rannpháirtithe tionscadail mar gheall ar thaisteal agus fanacht thar oíche mar chuid den tionscadal i dtionscadail Oileáin Chomhroinnte. Caithfear buiséad a chur san áireamh dó seo ag céim an iarratais.
- **Ábhair:** Tá suim againn tacú le réitigh ísealcharbóin agus cleachtas atá neamhdhiobhálach don chomhshaol i bpleanáil agus i soláthar tionscadal, chomh maith le do roghanna comhpháirtithe agus soláthraithe.
- **Comhaoiniú:** Cuirimid fáilte roimh thionscadail atá comhaoinithe trí chistí poiblí eile, daonchairdeas nó ranníocaíocht ghnó. Má tá tú ag fanacht le cistí ó fhoirne eile, déan cur síos air seo i d'iarratas agus cuir an tréimhse ama san áireamh maidir le cén uair a bhfuil súil agat go gcuirfear an toradh ar an eolas, mar d'fhéadfadh tionchar a bheith aige seo ar amlíne do thionscadail agus ar riachtanais bhuiséid.
- **Costais Neamh-incháilithe:**
 - Costais nach mbaineann go díreach leis an tionscadal (lena n-áirítear caiteachas caipitil)
 - Costais aisghníomhacha i.e. caiteachas a tharla roimh dháta formheasa an tionscadail
 - Iarratais chaipitil le haghaidh feabhsuithe foirgneamh ar spásanna oibre agus ar ionaid
 - Iarratas a bhaineann le sraith teilifíse nó feachtas fógraíochta neamhspleách
 - Tionscadail a bhaineann leis an scoil nó tionscadail a bhaineann le páistí amháin
 - Costais bhreise forchoistais a sháraíonn 15% den bhuiséad iomlán

Critéir Roghnúcháin

Déanfaidh painéal meastóireachta measúnú ar na hiarratais agus déanfar measúnú orthu i gcoinne na gcritéar thíos.

Critéar	Ní mór do gach iarratasóir na nithe seo a leanas a léiriú ina dtogra:	Marcanna (Uasmhéid 200)
Cruthaitheacht	Tá cur chuige soiléir ealaíonta, cruthaitheach nó cultúrtha ag gabháil leis an tionscadal agus áirítear leis ionchur láidir ó chleachtóirí cruthaitheacha.	40
Ábharthacht Aeráide	Tugann an t-iarratas aghaidh soiléir ar cheann amháin nó níos mó de na téamaí aeráide atá leagtha amach san achoimre. Tá eolaíocht aeráide i gcoirlár an choincheap.	40
Rannpháirtíocht Pobail	Léiríonn an smaoineamh an cumas daoine a mhealladh, dearthaí agus iompraíochtaí a athrú, agus tionchar inláimhsithe agus buan a bheith ar phobal áite nó cleachtais. Tá sé mar aidhm aige dul i ngleic leis na rannpháirtithe go domhain nó ag scála. Tugtar aird ar chineál agus ar riachtanais an phobail nó na rannpháirtithe. Is féidir leis an tionscadal pobail éagsúla agus faoi mhíbhuntáiste a lorg go gníomhach, nó tá an cumas aige, páirt a ghlacadh iontu.	30
Léiriú ar Athrú	Ba chóir go léireodh imlíne an tionscadail go bhfuil sé beartaithe gnéithe athraithe a leagtar amach thíos a chur i gcrích: - Athruithe coincheapúla - Athrú iompraíochta nó cultúrtha - Athrú Eagraíochtúil - Nascacht bhuan	30

Critéar	Ní mór do gach iarratasóir na nithe seo a leanas a léiriú ina dtogra:	Marcanna (Uasmhéid 200)
Foireann Tionscadail	Tá an fhoireann agus na socruithe rialachais leagtha amach go soiléir agus léiríonn siad an cumas atá ann oibriú go maith le chéile. Tá comhpháirtithe ó dhisciplíní éagsúla san fhoireann a bhfuil an cumas acu tionscadal a sheachadadh ar scála. Ní mór don fhoireann tionscadail na heilimintí éigeantacha go léir a luaitear thuas a áireamh – chuirfeadh easpa aon cheann de na heilimintí seo cosc ar an tionscadal a bheith curtha ar an ngearrliosta.	15
Taifead rianaithe	Léiríonn an t-iarratasóir cumas láidir chun tionscadal cruthaitheach a sheachadadh a fhéadann pobal áite nó cleachtais a mhealladh. Tá taifead rianaithe déanta maidir le tionscadail rannpháirtíochta poiblí a sheachadadh ar scála agus taithí léirithe ar oibriú i bhfoirne comhoibríocha.	15
Plean Meastóireachta	Léiríonn an t-iarratasóir plean meastóireachta dea-fhorbartha, ina leagtar amach conas a dhéanfaidh siad meastóireacht ar rannpháirtíocht agus ar thionchar an tionscadail seo i gcomhréir leis an gcomhthéacs agus na téamaí atá leagtha amach san achoimre.	15
Indéantacht agus Luach ar Airgead	Tá plean agus buiséad an tionscadail mionsonraithe, réalaióch agus oiriúnach don tionscadal atá beartaithe. Tá aomhainn shoiléir ann maidir le tionscadail den scála seo a riaradh agus a chur i bhfeidhm. Tá tionchair chomhshaoil an tionscadail curtha san áireamh.	15

Iarrthóirí Incháilithe

- 1 Ní mór don phríomhiarratasóir a bheith lonnaithe i bPoblacht na hÉireann nó ag feidhmiú laistigh de Phoblacht na hÉireann den chuid is mó.
 - 2 Meastar go dtacófar le thart ar dhá thionscadal tríd an tionscnamh Oileán Comhroinnte. I gcás na sraithe seo, ní mór comhpháirtithe a bheith i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann
 - 3 Cuirtear fáilte roimh chomhoibriú le comhpháirtithe lasmuigh de Phoblacht na hÉireann. Cuirtear fáilte roimh thionscadail a bhfuil eilimint rannpháirtíochta i dTuaisceart Éireann iontu lasmuigh den leithdháileadh Oileán Chomhroinnte.
 - 4 Is féidir eagraíochtaí nó ealaíontóirí a áireamh ar níos mó ná foireann tionscadail amháin. Mar sin féin, ní féidir le heagraíocht a bheith ina ceannaire ach ar iarratas amháin.
- Is glao oscailte é Ciste um Ghníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide III, agus fáiltítear roimh iarratais don dá shnáithe ó (ach gan a bheith teoranta dóibh siúd thíos). Cuirimid fáilte roimh iarratais a bhfuil roinnt comhpháirtithe páirteach iontu.
- Eagraíochtaí nó institiúidí ealaíon agus cultúir
 - Eagraíochtaí cruthaitheacha, líonraí, comhchoiteanna agus comhlachtaí ionadaíocha
 - Eagraíochtaí aeráide, comhlachtaí earnála poiblí, nó líonraí seanbhunaithe
 - Carthanachtaí nó eagraíochtaí neamhbhrabúis
 - Ollscoileanna agus institiúidí oideachais
 - Fiontair shóisialta
 - Údaráis áitiúla (ina n-aonar nó le Údaráis Áitiúla eile nó le comhpháirtithe seachtracha)
 - Oifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide (ORGAanna)
 - Grúpaí agus líonraí pobail
 - Gnó, cuideachtaí tráchtála,
 - Comhlachtaí daonchairdiúla agus taighde

Iarratais Neamh-Cháilithe

- Príomhiarratasóirí atá lonnaithe lasmuigh de Phoblacht na hÉireann (ní mór don phríomhiarratasóir, agus má éiríonn leo, don Deontáí a bheith lonnaithe i bPoblacht na hÉireann)
- Níos mó ná iarratas amháin ón eagraíocht cheannais chéanna (ní chuireann sé seo cosc ar eagraíochtaí a bheith ina n-eagraíocht chomhpháirtíochta ar iarratais eile)
- Ní bhreithneoidimid tionscadail a dhíríonn go sonrach ar pháistí agus ar dhaoine óga mar go bhfuil obair ar bun cheana féin a bhaineann leis an ngrúpa seo maidir le hathrú aeráide
- Buiséid tionscadail faoi €400,000
- Ní chuirfear san áireamh fad tionscadail faoi bhun 24 mhí
- Tionscadail nach bhfuil faoi stiúir eagraíochta ar scála leordhóthanach (ní mór go mbeadh sé de cheangal dlíthiúil ar an eagraíocht cuntais iniúchta a thabhairt ar aird)
- Aon iarratas ina bhfuil cead pleanála ag teastáil le haghaidh suiteáil molta agus nach bhfuil míniú ar an bpróiseas is gá chun an cead sin a fháil ag gabháil leis
- Tionscadail ina bhfuil cuid shuntasach (níos mó ná 50%) de na gníomhaíochtaí bunaithe ar fheasacht amháin, agus ní ar athrú iompraíochta



Lantern Walk by Tom Meskeil
- WILDERLAND (National Parks and
Wildlife Service, North Mayo Heritage
Centre, Elaine Harrington), Mayo
Photo: Ugnius Brazdžiunas

Conas Iarratas a Dhéanamh ar Líne

ACT 2 by SETU, Waterford
Photo: Patrick Browne

Is féidir iarratais a dhéanamh tríd an bhfoirm iarratais ar líne a chomhlánú ag <https://creativeireland.submit.com> tráth nach déanaí ná 3pm ar Dé Céadaoin, 15 Aibreán 2026

— Déanfar gach sonraí pearsanta a chuireann tú chugainn mar chuid den phróiseas iarratais a phróiseáil i gcomhréir le Polasaí Príobháideachais na Roinne.

— **TABHAIR FAOI DEARA:** Ní chuirfear san áireamh an méid seo a leanas:

- Iarratais a fuarthas tar éis an spriocdháta thuas
- Iarratas curtha isteach tríd an bpost, ríomhphost, de láimh nó seolta le cúiréir
- Iarratais a bhfuil stádas 'dréacht' orthu ar an dáta agus am deiridh

Ag baint úsáide as an tairseach iarratais:

- Cuirfear soiléirithe agus eolas breise ar fáil ar thairseach an iarratais.
- Agus tú ag eagarthóireacht, is féidir d'fhoirm iarratais a shábháil i ndrucht ar an tairseach ar líne agus é a thabhairt ar ais níos déanaí.
- Más gá duit nascleanúint a dhéanamh amach ó do leathanach reatha, déan cinnte go bhfuil do dhul chun cinn sábháilte agat.
- Nuair a bheidh an t-iarratas curtha isteach agat, gheobhaidh tú ríomhphost ag cur in iúl duit go bhfuil d'iarratas faighte.



Dátaí Tábhachtacha

Tréimhse	Mionsonraí	Dáta
Iarratas Oscailte	Iarratais a chur isteach ar líne. Is féidir soiléirithe agus fiosrúcháin a sheoladh idir seo agus an dáta deiridh, chuig creativeireland@ccs.gov.ie . Úsáid "Ciste um Ghníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide" i líne ábhair an ríomhphoist le do thoil ionas gur féidir linn d'fhiosrúchán a threorú.	16 Feabhra 2026
Seisiún Faisnéise Ar Líne	Seimineár gréasáin ar líne a thabharfaidh forbheathnú ar an gcoiste agus seisiún ceisteanna agus freagraí don phainéal maoinithe. Cuirfidh sé seo ar chumas iarratasóirí ionchasacha ceisteanna a chur ar an bpainéal maoinithe agus ar shaineolaithe i rannpháirtíocht chruthaitheach ar ghníomhaíocht aeráide. Tá tuilleadh sonraí faoi chlárú anseo .	12.30pm Dé Céadaoin, 25 Feabhra 2026
Seisiún Líonra	Imeacht(aí) líonraithe pearsanta chun deis a thabhairt do dhaoine aonair, do ghrúpaí agus d'eagraíochtaí ar spéis leo an scéal nascadh agus tacú le comhpháirtíochtaí a bhunú trasna earnálacha agus disciplíní. Tá tuilleadh eolais faoin ócáid agus sonraí maidir le clárú ar fáil anseo .	(Dé hAoine, 6 Márta 2026)
Dáta Deiridh		3pm Dé Céadaoin, 15 Aibreán 2026
Meastóireacht	Déanfaidh an coiste meastóireachta, ina bhfuil ionadaithe ón gClár Éire Ildánach agus RAFC, mar aon le saineolaithe neamhspleácha, measúnú ar iarratais de réir na gcritéar thuas.	Aibreán 2026

Tréimhse	Mionsonraí	Dáta
Agallaimh	Glaofar ar iarratasóirí ar an ngearrliosta agallamh a dhéanamh leis an gcoiste meastóireachta chun gnéithe dá n-iarratas a shoiléiriú.	Lár go deireadh mhí na Bealtaine 2026 (Dátaí le socrú)
Fógra d'Iarratasóirí	Cuirfear iarratasóirí rathúla agus neamhrathúla ar an eolas trí ríomhphost faoi thoradh a n-iarratais.	Deireadh mhí an Mheithimh 2026
Fuinneog le haghaidh Modhnú Tionscadail	Beidh cruinniú duine le duine ag iarratasóirí rathúla le foireann Éire Ildánach roimh shíniú CLS, agus is féidir aon athruithe atá beartaithe a phlé le linn na cruinnithe sin.	Iúil 2026
Síniú Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse (Conarthaí)	Beidh ar gach Deontaí CLS a shíniú leis an Roinn chun na coinníollacha maoinithe a chomhaontú. Beidh sampla de seo ar fáil le híoslódáil ar Submit.com	Lúnasa 2026
Laethanta Oiliúna agus Forbartha	Beidh seisiún cheardlainne tiomnaithe ar siúl le linn an ama seo a chlúdóidh ábhair ar nós litearthacht aeráide, cineálacha cur chuige maidir le rannpháirtíocht an phobail, agus meastóireacht. Is coinníoll maoinithe é freastal. Cuirfear tuilleadh eolais ar fáil faoin dáta agus faoin suíomh in am trátha.	Meán Fómhair 2026 – Dátaí le socrú



Faoi na Maoinitheoirí

An Clár Éire Ildánach – An Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt

Is clár cultúir agus folláine uile-rialtas é An Clár Éire Ildánach atá lonnaithe sa Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt. Is é ár n-uaimhian daoine, áiteanna agus pobail a spreagadh agus a aistriú trí chruthaitheacht. Táimid tiomanta don fhís gur cheart go mbeadh deis ag gach duine in Éirinn a lánacmhainneacht chruthaitheach a bhaint amach.

Is iad seo a leanas ár spriocanna straitéiseacha:

- Pobal cleachtais agus rannpháirtíochta a bhunú
- Tuiscint ar luach na cruthaitheachta a chur chun cinn
- Tionchar a thomhas agus fianaise a thógáil
- Cruthaitheacht a ionchorprú i mbeartas poiblí

*Taoiseach Micheal Martin and Minister Patrick O'Donovan at Shared Island Conference, 2025, Dublin
Photo: Maxwells*

Ciste Gníomhaíochta ar son na Haeráide - An Roinn Aeráide, Fuinnimh Agus An Chomhshaoil

Tá an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (RAFO) ag tacú leis an tionscnamh mar chuid den Idirphlé Náisiúnta ar Ghníomhú Aeráide (INGA), ag feidhmiú mar fhóram comhoibrithe idir saoránaigh, páirtithe leasmhara, an Rialtas agus gníomhaireachtaí ábhartha a chlúdaíonn réimse saincheistanna a bhaineann leis an aeráid. Is é cuspóir an INGA conradh sóisialta nua a bhunú idir an Rialtas agus muintir na hÉireann maidir le gníomhú ar son na haeráide trí:

- Feasacht mhéadaitheach ar an athrú aeráide bunaithe ar fhianaise.
- Clár cuimsitheach rannpháirtíochta a sheachadadh chun eolas a chur ar fáil do bheartas aeráide,
- Litearthacht aeráide a chur chun cinn agus feabhas a chur ar chumas féin-éifeachtúlachta agus gníomhaireachta i measc an phobail, agus
- Daoine a chumhachtú chun athruithe iompraíochta dearfacha a dhéanamh a fheabhsaíonn a gcáilíocht beatha.

Is í an INGA an tionscnamh lárnach chun eolas, dearthaí agus iompar an phobail maidir le hathrú aeráide a thuiscint, chomh maith leis na gnéithe síceolaíocha agus cultúrtha bunúsacha a mbíonn tionchar acu ar an bpobal Áirítear ar a chuid oibre freisin Comhráite Aeráide, Fóram Náisiúnta na bPáirtithe Leasmhara Aeráide, Tionól Náisiúnta na nÓg ar an Aeráid.

Léigh tuilleadh anseo: <https://www.gov.ie/en/department-of-the-environment-climate-and-communications/publications/national-dialogue-on-climate-action-ndca/>

Ciste Oileáin Chomhroinnte - Roinn An Taoisigh

Tá €1 milliún á chur leis an gCiste um Ghníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide faoi Tionscnamh Oileán Comhroinnte an Rialtais. Tá sé mar aidhm ag Tionscnamh Oileán Comhroinnte an Rialtais lánacmhainneacht Chomhaontú Aoine an Chéasta a úsáid chun comhoibriú, ceangal agus comhthuiscint a fheabhsú ar an oileán agus chun dul i ngleic le gach pobal agus traidisiún chun chomhréiteach a chothú maidir le todhchaí chomhroinnte.

Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag tionscadail a mhaoinear faoin Tionscnamh Oileán Comhroinnte tacú le gníomhaíocht aeráide trasteorann agus uile-oileáin i bpobail agus in údaráis áitiúla chun cabhrú le spriocanna comónta aeráide agus fuinnimh a bhaint amach.

Faoi Chistí um Ghníomhú ar son na Haeráide Roimhe Seo

Ó 2021 i leith, tá €8.5m infheistithe ag An Clár Éire Ildánach, tríd an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt mar aon leis an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil agus Roinn an Taoisigh, i 57 tionscadal trí Chiste um Ghníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide Aeráide a cholúin um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht. Tá an infheistíocht shuntasach seo go dtí seo tar éis tacú go gníomhach le tionscadail chruthaitheacha, chultúrtha agus ealaíonta a chuireann feasacht chun cinn maidir leis an athrú aeráide agus a chumhachtaíonn saoránaigh agus a dhéanann athruithe bríocha ar iompraíocht.

Bhí tionscadail mhaoinithe faoi stiúir réimse eagraíochtaí agus foirne idir-disciplíneacha ar fud eagraíochtaí neamhrialtasacha,

eagraíochtaí ealaíon/cultúir, institiúidí acadúla, údaráis áitiúla, agus earnálacha gnó. Phléigh tionscadail saincheistanna aeráide cosúil le creimeadh cósta, oiriúnú don athrú aeráide, úsáid talún agus cleachtais feirmeoireachta, bithéagsúlacht, cuimsitheacht/aistriú cóir, maoirseacht chomhshaoil, ceannaireacht na hearnála poiblí, an timpeallacht thógtha agus córais uisce. I measc na n-idirghabhálacha cruthaitheacha agus cultúrtha bhí damhsa, ceol, intleacht shaorga, seiftiú, smaointeoireacht dearaidh, dearadh seirbhísi, ailtireacht, amharclannaíocht, ealaín rannpháirteach, agus dealbhóireacht.

Is féidir leat léamh faoi thionscadail roimhe seo a maoiníodh faoi um Ghníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide ar ár [leathanach foilseachán](#).



Ballymun is Brilliant by
Global Action Plan, Dublin
Photo: Jen Harrington

Aguisín I

Príomhdhoiciméid

- [Athrú Aeráide Cruthaitheach – Tuarascáil Bhliain 1 2025](#): Measúnú ar Thionchar Chiste um Ghníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide II: Tionscnamh Gníomhairí Athraithe maidir le Rannpháirtíocht, Gníomh & Athrú Iompraíochta san Athrú Aeráide in Éirinn
- [Athrú-A Cruthaitheach 2023](#): Anailís a dhéanamh ar Thionchar an Tionscnaimh Gníomhaíochta Aeráide Cruthaithí ar Fheasacht, Rannpháirtíocht & Gníomhú ar an Athrú Aeráide in Éirinn
- [Plean Gníomhaíochta Aeráide 2025](#)
- [Athrú Aeráide i Meon na hÉireann](#)
- [Tuarascálacha Deiridh na dtionscadal uile a maoiníodh roimhe seo faoi na Cistí um Ghníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide I agus II](#)
- [Tuisoint a fháil ar an gcaoi a bhféadfaí Gníomhaíocht Aeráide Phobalbhunaithe Chuimsitheach a Mhéadú: Measúnú Próisis ar Shnáithe 2 de Chlár Gníomhaíochta Aeráide an Phobail \(Pobal, 2025\)](#)
- [Athruithe Cruthaitheacha: Cultúr a chumhachtú le haghaidh maireachtála inbhuanaithe](#) (Ard-Stiúrthóireacht an Oideachais, na hÓige, an Spóirt agus an Chultúir (An Coimisiún Eorpach, 2025)

Aguisín II

Liosta Seiceála Iarratasóra

Chun cabhrú le d'iarratas, déan cinnte go bhfuil an méid seo a leanas comhlánaithe agat sula gcuireann tú d'iarratas isteach ar Submit.com.

- ☐ Léigh mé an doiciméad eolais go hiomlán sula líon mé an t-iarratas
- ☐ Dearbhaím go gcomhlíontar na critéir incháilitheachta (leathanach 8 agus 9) go hiomlán
- ☐ Dearbhaím nach lú ná €400,000 agus nach mó ná €750,000 mo bhuiséad mar atá leagtha amach san achoimre
- ☐ Léigh mé agus thuig mé ceanglais an Chiorcláin Deontais maidir le páirt a ghlacadh sa chiste seo ([Ciorclán 13/2014 - Bainistíocht agus Cuntasacht Deontas ó Chistí an Státchiste](#))
- ☐ Tá mé cinnte go bhfuil an doiciméadacht tacaíochta go léir uaslódáilte mar aon leis an bhfoirm ar Submit.com

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland



Shared Island
Initiative

Creative Ireland Programme

Department of Culture,
Communications and Sport

Leeson Lane,
Dublin,
D02 R5Y3

 @CreativeIrl

 creative-ireland

 @creativeireland

www.creativeireland.gov.ie

creativeireland@ccs.gov.ie

#SharedIsland

Cover Image:

*Tern the Tide in Kilcoole by Marie Gordon
and Laura McMahon, Wicklow
Photo: Brian Burke, NPWS Little Tern
Conservation, BirdWatch Ireland*